2024/2738

31.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2738 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Deireadh Fómhair 2024

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 85, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagail 47(1) agus 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] go bhféadfaidh Eurojust comhar a bhunú agus a choinneáil le húdaráis tríú tíortha ar bhonn straitéis chomhair.

(2) De bhun Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) 2018/1727, féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar choinníoll *inter alia* comhaontú idirnáisiúnta a bheith tugtha i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/447 ón gComhairle [3], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ('an Comhaontú') an 5 Aibreán 2024, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(4) Leis an gComhaontú, is féidir sonraí pearsanta a aistriú idir Eurojust agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(5) Áirithítear leis an gComhaontú go ndéanfar cearta bunúsacha an Aontais a urramú ina n-iomláine, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, a leagtar síos in Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoi seach. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Eurojust faoin gComhaontú a chosaint.

(6) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú na modhnuithe ar Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais, módúlachtaí a chomhaontú maidir le leanúint d'úsáid agus de stóráil na faisnéise a cuireadh in iúl cheana idir na Páirtithe de bhun an Chomhaontaithe, agus an fhaisnéis faoi sheolaí na bhfógraí a thabhairt cothrom le dáta.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2018/1727 agus dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

[1] Toiliú ón 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

[3] Cinneadh (AE) 2024/447 ón gComhairle an 29 Eanáir 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (IO L, 2024/447, 1.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/447/oj).

(9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Tuairim 52/2023 an 11 Nollaig 2023.

(10) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 29(2) den Chomhaontú ([4]).

Airteagal 3

1. Chun críocha Airteagal 30(2) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na modhnuithe ar Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas.

2. Chun críocha Airteagal 33(3) den Chomhaontú, údarófar an Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, módúlachtaí a chomhaontú maidir le leanúint d'úsáid agus stóráil na faisnéise a cuireadh in iúl cheana roimh fhoirceannadh an Chomhaontaithe idir na Páirtithe de bhun an Chomhaontaithe.

3. Chun críocha Airteagal 34(2) den Chomhaontú, údarófar an Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an fhaisnéis faoi sheolaí fógraí arna ndéanamh i gcomhréir leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

PINTÉR S.

([4]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.